## Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

### TORTHAÍ FOGHLAMA

***Forbraíonn leanaí coincheapa, meonta agus scileanna maidir le:***

- Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird (Teanga ó Bhéal)
- Rannpháirtíocht (Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht)
- Spreagadh agus rogha (Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht)
- Tuiscint (Léitheoireacht)

### Réamhrá



Cuid mhór den tionchar a imríonn an múinteoir ar shúgradh na leanaí is ea acmhainní a chur ar fáil don súgradh. Is é an cuspóir atá leis an Ábhar Tacaíochta seo roinnt faisnéise a chur ar fáil faoin taobh praiticiúil d'acmhainní a chur ar fáil don **súgradh ceannoscailte faoi stiúir an linbh.** Is féidir cuid mhaith de na hacmhainní a bhfuil cur síos déanta orthu anseo a úsáid i dtaca le teagasc agus foghlaim ó thús deireadh an lae scoile. Bealach an-éifeachtach is ea é sin le súgradh na leanaí a nascadh le ceachtanna a bhaineann le hábhair ar leith. De bharr gurb ann do chúig áit súgartha, ní gá duit ach a dhóthain acmhainní a chur ar fáil d'aon ghrúpa amháin. Bíodh sin mar atá, is tábhachtach an rud é neart acmhainní a bheith ar fáil don ghrúpa sin.

Ní foláir an tÁbhar Tacaíochta a léamh ag an am céanna leis na podchraoltaí gairide a bhaineann leis. Gabhann sé leis an Ábhar Tacaíochta, *Eagrú i gcomhair Súgradh: Am agus Gnáthaimh.* Léirítear sa dá Ábhar Tacaíochta, agus sna podchraoltaí a bhaineann leo, na prionsabail agus na treoirlínte cleachtais in *Aistear*.

### Acmhainní Ceannoscailte don Súgradh




Teastaíonn ó gach leanbh go dtabharfar deis dó labhairt faoina chuid súgartha, go dtabharfar cluas dó agus, ina dhiaidh sin, go bhféadfaidh sé féin cluas a thabhairt do leanbh eile.

Is iondúil go mbíonn roinnt de na háiteanna súgartha seo a leanas ann: gaineamh, uisce, sochdhrámata, domhan beag, dramhealaín, taos súgartha, agus tógáil. Cé go bhfuil tuilleadh roghanna ann, is é an rud is tábhachtaí go bhfuil na hacmhainní **ceannoscailte.**

In ainneoin go bhfuil roinnt de na hacmhainní ar fáil saor in aisce (m.sh., dramhealaín, boscaí bróg), ní mór do scoileanna infheistíocht bheag a dhéanamh i gcás acmhainní áirithe. Tá iarracht déanta anseo cothromaíocht a bhaint amach idir na hacmhainní is féidir a fháil saor in aisce agus iad siúd a chaithfear a cheannach. Is féidir tacaíocht a fháil ó thuismitheoirí le hacmhainní a bhailiú.

CURACLAM TEANGA NA BUNSCOILE
BÉARLA

# Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

### *Gaineamh/Uisce*



Caithfidh tráidirí gainimh agus uisce a bheith domhain a ndóthain le go mbeidh an acmhainn 7-8 gceintiméadar ar doimhneacht gan titim amach arís is arís eile. Cabhraíonn sluaistí deannaigh agus scuaba le haghaidh an ghainimh agus seantuáillí le haghaidh uisce a dhoirteann amach ar an urlár leis na leanaí caoi a choinneáil ar an áit. Bíodh na hacmhainní le haghaidh an ghainimh beag agus i gcomhréir le méid an tráidire gainimh, m.sh. is deas an rud é buicéad agus spád a bheith agat ag an trá ach ní féidir leat iad a úsáid i dtráidire gainimh i ndáiríre.

### *Dramhealaín*



Tá baint ag an dramhealaín leis an eolaíocht, le scileanna deartha agus déanta rudaí go háirithe. Cuireann sé bonn comhthéacs faoin snáithaonad eolaíochta, *Airíonna agus saintréithe ábhar.* Ina theannta sin, tugann sé an-deis don fhíor-fhadhbréiteach féinghinte, agus cuireann sé scileanna mínluaileacha agus dírithe aigne chun cinn. D'fhéadfadh sé go gcabhródh an dramhaíl leis na leanaí cruthanna 3T a aithint sa timpeallacht, agus go dtabharfadh sé bealach dóibh labhairt faoin athchúrsáil agus faoi cheisteanna comhshaoil eile. Thar gach aon ní eile, is spás é ina gcothaítear cruthaitheacht na leanaí.

### *Tógáil*




Mar shampla ar an gcaoi ar féidir le pleanáil chúramach cur leis an méid is féidir a dhéanamh le hacmhainní, is féidir boscaí bróg (rud a ndéantar cur síos air sa phodchraoladh) a chur in ord ina dtriúir ar nós bábóga Rúiseacha agus cód pictiúir a chur leis na sraitheanna éagsúla. Nuair a dhéantar na boscaí a shórtáil ina sraitheanna, cuirtear le cumas na leanaí rudaí a chur in ord. Cuireann an cineál pleanála sin le hacmhainneacht an tsúgartha ó thaobh na teanga de freisin, le linn an ama glanta suas go háirithe. Tá baint fhollasach ag boscaí bróg agus acmhainní tógála eile leis an snáithe *Tógáil* de Churaclam na nAmharc-ealaíon.

# Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

### *Taos Súgartha*



Tá sé éasca taos súgartha a dhéanamh agus is rud ilúsáide é. Is deacair le leanaí áirithe dul i dtaithí air, áfach. Bíonn tábhacht ag baint le múnlú ag an múinteoir nuair a thugtar an taos súgartha isteach den chéad uair. Ná hinis do na leanaí céard atá le déanamh, déan féin é agus labhair faoi na smaointe atá agat. Tacaíonn an taos súgartha leis an bhfoghlaim sna hamharc-ealaíona trí na snáithaonaid a bhaineann le cré.

Úsáid mataí boird PVC/éadaí leis an mbord a choinneáil glan. Suigh an bord san áit fhliuch nó in áit eile nach bhfuil brat urláir uirthi, cuir cruthanna pasta, soip, caipíní buidéil, coirníní, pionnaí agus oiriúintí eile leis agus féach céard a tharlóidh!

### *An Domhan Beag*

Is minic a dhéantar súgradh samhlaíoch sa domhan beag a nascadh le hacmhainní tógála a réitíonn go maith le dineasáir bheaga, reiptílí, feithidí, innealra feirme, innealra tógála, troscán agus a thuilleadh nach iad. Is trí sholáthar na míreanna domhain bhig sin a phleanáil go cúramach gur féidir leis an múinteoir nascadh le hábhair spéise na leanaí agus le haon ábhar comhtháite a bhfuil sé/sí ag baint úsáid as i gcomhair pleanáil churaclaim.



### *Súgradh Sochdhrámata*



Is cóir cásanna le haghaidh an tsúgartha shochdhrámata a roghnú i gcomhairle leis na leanaí féin nuair is féidir ar chor ar bith. Is féidir go mbeidh teorainn leis an méid a chuirfidh tú ar fáil ar dtús de réir mar a fhorbróidh tú an raon acmhainní atá agat, ach is féidir na teorainneacha sin a dhéanamh ina gcuid de na comhráite pleanála leis na leanaí. Féach an tÁbhar Tacaíochta, *An Súgradh Sochdhrámata a úsáid le tacú leis an Teanga ó Bhéal agus le Forbairt na Luathlitearthachta.*

# Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

## Tábla Acmhainní Litearthachta agus Uimhearthachta



Cé gur féidir acmhainní cló timpeallachta agus acmhainní cló eile a chur i ngach áit súgartha, is fiú go mór bord ar leith a shocrú suas i gcomhair na litearthachta agus na huimhearthachta. Ní áit súgartha ann féin é an bord acmhainní sin, ach bíonn fáil ag na leanaí ar fad ar na hacmhainní le linn an tseisiúin súgartha. D'fhéadfaí orláistí, gloiní formhéadúcháin, miosúir ollmhóra, cineálacha éagsúla meánna, foireann spúnóga tomhais, méadarshlata, rialóirí solúbtha, bloic post-it agus leabhair nótaí bheaga, pinn agus pinn luaidhe nuaga, marcóirí, páipéar daite, clúdaigh litreach, cailc agus a thuilleadh nach iad a chur leis. Is é an prionsabal anseo ná go n-úsáideann leanaí an litearthacht agus an uimhearthacht ar a gcomhairle féin, rud a thugann úinéireacht dóibh agus a dhéanann an litearthacht agus an uimhearthacht bríoch dóibh.

## Spás a Eagrú



Is í an áit is fearr don súgradh ná seomra ranga na leanaí mar chuid dá n-eispéireas laethúil scoile. D'fhéadfadh cuma an-phlódaithe a theacht ar an seomra ranga de réir mar a úsáideann na leanaí an t-urlár agus na boird ar fad mar chuid dá gcuid súgartha, agus mar a dhéanann siad ceangail idir na háiteanna súgartha éagsúla. Athrú ó bhonn is ea é seo ar chultúr an tseomra ranga naíonán agus tógfaidh sé am le dul i dtaithí air. Tá tábhacht nach beag ag baint le cumas na leanaí glanadh suas go neamhspleách agus go héifeachtach. Tá an tábhacht chéanna ag baint leis na comhráite a thiteann amach idir an múinteoir agus na leanaí maidir le cén chaoi leis an spás atá ar fáil a bhainistiú. Léiríonn taighde go bhfuil leanaí lánábalta teacht ar réitigh nuair nach bhfuil a dhóthain spáis ann (Broadhead, 2004).

Is annamh a cheapann leanaí go bhfuil áit róbheag le haghaidh an tsúgartha. Bainfidh siad feidhm as cibé spás atá ar fáil.

# Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní



## Tátal

Mar atá luaite san Ábhar Tacaíochta, *Eagrú i gcomhair Súgradh: Am agus Gnáthaimh, ... ní féidir le daoine fásta súgradh leanaí a phleanáil, ach is féidir leo pleanáil i gcomhair an tsúgartha sin...* (Wood, 2013, lch. 68). Tá na hacmhainní a bhfuil cur síos déanta orthu, mar aon leis na podchraoltaí a bhaineann leo, ceaptha le treoir a thabhairt don mhúinteoir acmhainní oiriúnacha a roghnú don **súgradh faoi stiúir an linbh.** Cabhraíonn a leithéid d'ábhair cheannoscailte le múinteoirí tacú le leanaí *a bheith cruthaitheach agus eachtrúil, teoiricí oibre a fhorbairt faoin gcaoi a n-oibríonn an saol, agus cinntí a dhéanamh fúthu féin mar fhoghlaimeoirí* (CNCM, 2009, lch. 6).

# Pleanáil i gcomhair Súgradh: Acmhainní

## Tagairtí


Broadhead, P. (2004). *Early Years Play and Learning: Developing Social Skills and Cooperation*. Londain: RoutledgeFalmer.

CNCM (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* Le fáil ag: http://www.ncca.biz/Aistear/ Oscailte 24/5/2015.

Drew, W. F., Christie, J. Johnson, J. E., Meckley, A. M. agus Nell, M. L. (2008). Constructive Play: A Value-Added Strategy for Meeting Early Learning Standards. *Young Children,* 63; 4, 38 – 44. Le fáil ag: http://www.rbaeyc.org/resources/Constructive_Play_Article.pdf Oscailte 18/5/2015.

Drew, W. F. agus Rankin, G. (2004). Promoting creativity for life using open-ended materials. *Young Children,* Iúil 2004. Le fáil ag: http://www.rediscovercenter.org/pdf/promoting_creativity1.pdf Oscailte 18/5/2015.

N. I. Curriculum (n.d.). *Learning through play in the early years: A resource book*. Le fáil ag: http://www.nicurriculum.org.uk/docs/foundation_stage/learning_through_play_ey.pdf Oscailte 18/5/2015.

Swartz, M. (2005). Playdough: What's standard about it? *Young Children,* 60: 2, lgh. 100 – 109. Le fáil ag: https://www.naeyc.org/files/tyc/file/TYC_V3N3_Swartz.pdf Oscailte 18/5/2015.

Wood, E. (2013). *Play, Learning and the Early Childhood Curriculum. 3rd Edition*. Londain: Sage.